



Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is bunscoil í **Gaelscoil Chnoc Liamhna** sholáthraíonn oideachas bunscoile o dhaltaí ó na Naónáin Shóisearacha go Rang a Sé.

De réir cheanglais an Acharta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Agusín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta **Gaelscoil Chnoc Liamhna** an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

- 1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí
- 2 Is é **Cárthaigh Ó Cuill** an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)
- 3 Is í **Clár Ní Fhlatharta** an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)
- 4 Is é **Cárthaigh Ó Cuill** an Duine Ábhartha
- 5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chuíseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- meas iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thusas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

6 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall fairne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlónann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus comhlónann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin gov.ie.
- Maidir le roghnú nó earcú fairne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlónann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlónann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciocláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.
- Maidir le faisinéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil
 - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball fairne
 - Cinníonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball fairne nua
 - Spreagann sí baill fairne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
 - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
 - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill fairne agus ar bhaill den Bhord
- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chomhlónadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.
- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

Nóta: Níl an méid thusas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

7 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag

tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

- 8 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 01/09/23

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 11/09/24.

Síniú: Ciarán Ó Catháin

Síniú:

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 9/10/24

Dáta: 9/10/24

Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le [ainm na scoile]

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023), seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar [ainm na scoile].

1. Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile

- Teacht isteach agus imeacht na ndaltaí go laethúil
- Sosanna áineasa do dhaltaí
- Teagasc sa seomra ranga
- Teagasc duine le duine
- Tacaíocht foghlama duine le duine
- Comhairleoireacht duine le duine
- Gníomhaíochtaí teagaisc lasmuigh
- Teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Turais scoile
- Úsáid limistéar na leithreas/na seomraí feistis/na gcithfholcadán i scoileanna
- Lá Spóirt Blianúil
- Imeachtaí tiomsaithe airgid ina mbíonn daltaí páirteach
- Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile
- Socruithe iompair scoile lena n-áirítear coimhdeachtaí bus a úsáid
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá,
- Iompar dúshlánach a bhainistiú i measc daltaí, lena n-áirítear srianadh a úsáid go cuí nuair is gá
- Riar Leigheas
- Riarachán ar Gharchabhair
- Soláthar curaclaim maidir le OSPS, OCG, Bheith Sábhálite
- Cosc ar an mbulaíocht agus déileáil léi i measc na ndaltaí
- Pearsanra scoile a oiliúint i gcúrsaí um chosaint leanaí
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun cur leis an gcuraclam
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun tacú le spóirt agus le gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile
- Cúram do dhaltaí a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais shonracha orthu amhail
 - Daltaí mionlaigh eitneacha/imircigh
 - Le haghaidh daoine den lucht taistil.
 - Leanaí leispiacha, aeracha, déghnésasacha nó trasinscneacha (LADT)
 - Daltaí a mheastar a bheith ina LADT
 - Daltaí de chreideamh reiligiúnach mionlaigh
 - Leanaí atá faoi chúram
 - Leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí
 - Leanaí a bhfuil riachtanais mhíochaine acu
- Pearsanra scoile a earcú lena n-áirítear -

- Múinteoirí/CRSanna
- Airíoch/Rúnaí/Glantóirí
- Cóitseálaithe spóirt
- Teagascóirí Seachtracha/Aoi-Chainteoirí
- Oibrithe Deonacha/Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile
- Cuaireoirí/conraitheoirí ar scoil le linn uaireanta scoile
- Cuaireoirí/conraitheoirí i láthair le linn gníomhaíochtaí tar éis scoile
- Rannpháirtíocht na ndaltaí i searmanais reiligiúnacha lasmuigh den scoil
- Úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí ar scoil, na meáin shóisialta san áireamh
- Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Chód Iompair na scoile lena n-áirítear daltaí a choinneáil istigh, fóin a choigistiú etc.
- Scoláirí atá rannpháirteach in eispéireas oibre sa scoil
- Múinteoirí faoi oliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oliúna ar scoil
- Físeán/grianghrafnadóireacht/meáin eile a úsáid chun imeachtaí scoile a thaifeadadh
- Úsáid áitribh scoile ag eagraíochtaí eile
- Club obair bhaile/staidéar tráthnóna

2. Shainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí -

- Riosca díobhála nach n-aithníonn pearsanra na scoile
- Riosca gan díobháil a thuairisciú go cuí agus go pras ag pearsanra na scoile
- Riosca go ndéanfadhbh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadhbh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadhbh oibrí deonach nó cuaireoir sa scoil díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadhbh ball de phearsanra na scoile, ball fairne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha
- Riosca díobhála mar gheall ar úsáid mhíchuí a bhaint as ardán cumarsáide cianda teagaisc agus foghlama ar líne mar dhuine gan chuireadh ag rochtain an naisc ceachta, daltaí á bhfágáil gan mhaoirsiú ar feadh tréimhsí fada ama i seomraí ar leithligh
- Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh
- Riosca díobhála mar gheall ar chiníochas
- Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil
- Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
- Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile
- Riosca díobhála mar gheall ar leanaí rochtain a fháil go míchuí ar ríomhairí, na meáin shóisialta, fóin agus gairis eile agus iad ar scoil
- Riosca díobhála do leanaí RSO a bhfuil leochaileachtaí ar leith orthu, lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine
- Riosca díobhála do leanbh agus leanbh faoi chúram pearsanta

- Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor
- Riosca díobhála i gcás teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine le duine
- Riosca díobhála de dheasca ball pearsanra scoile rochtain/scaipeadh a dhéanamh ar ábhar míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile.

3. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun dul aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo -

- Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* de chuid na scoile ar fáil do phearsanra uile na scoile
- Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023) ar fáil do phearsanra uile na scoile
- Ceanglaítear ar Phearsanra na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh agus éilitear ar gach ball fairne cláraithe *an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* agus an tAguisín a ghabhann leis (2019) a chomhlíonadh
- Cuireann an scoil an Clár maidir le Fanacht Sábháilte chun feidhme go hiomlán
- Cuireann an scoil curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaithe na Roinne maidir le *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna*
- Tugann an scoil faoi thionscnaimh feasachta frithchiníochais
- Tá polasaí maoirseachta clóis/clós súgartha ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntíú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
- Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
- Tá polasaí sláinte agus sábháilteacht ag an scoil
- Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiorsúcháin Garda agus ciorclán ábhartha RO i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiorsúchán Garda
- Tá coid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)
- Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá polasaí um Riachtanas Oideachais Speisialta ag an scoil
- Tá beartas/plean maidir le dlúthchúram pearsanta ag an scoil maidir le daltaí a dteastaíonn cúram den sórt sin uathu
- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóbais a thabhairt do dhaltaí
- Maidir leis an scoil:
 - Chuir sí cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* na scoile ar fáil do gach ball d'foireann na scoile
 - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* na scoile ar fáil do gach ball fairne nua

- Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
- Spreagann sí baill an bhoird bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha
- Coinníonn sí taifid ar gach oiliúint foirne agus ball boird
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun Garchabhair a riarr
- Tá cód iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí
- Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil.
- Tá beartas i bhfeidhm ag an scoil lena rialaítear úsáid fón chliste agus gairis táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018
- Tá Plean Bainistíochta um Theagmhais Chriticiúla i bhfeidhm ag an scoil.
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun daoine seachtracha a úsáid chun seachadadh an churaclaim a fhordúinadh
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóitseálaithe spóirt seachtracha a úsáid
- Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh gníomhaíochtaí teagaisc duine le duine
- Bíonn se cinntithe go bhfuil ríómhfhiosrú déanta ar na hábhair múinteora roimh a thosnaíonn siad sa scoil.
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le mic léinn atá i mbun taithí oibre sa scoil

Nóta Tábhachtach: Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca “díobhála” mar a shainmhíntear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntí go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítéar a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an 11/09/24 Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú: Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Síniú: An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 9/10/24

Dáta: 9/10/24